# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2022/1928 ÓN gCOIMISIÚN

**an 11 Deireadh Fómhair 2022**

**lena ndeimhnítear rannpháirtíocht na hÉireann i Rialachán (AE) 2022/585 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 514/2014 lena leagtar síos na forálacha ginearálta maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus maidir leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do chomhar póilíneachta, don choireacht a chosc agus a chomhrac, agus do bhainistíocht géarchéime, (AE) Uimh. 516/2014 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus (AE) 2021/1147 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, Prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 4 de,

Ag féachaint don fhógra a thug Éire gur mian léi glacadh le Rialachán (AE) 2022/585 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 514/2014 lena leagtar síos na forálacha ginearálta maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus maidir leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do chomhar póilíneachta, don choireacht a chosc agus a chomhrac, agus do bhainistíocht géarchéime, (AE) Uimh. 516/2014 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus (AE) 2021/1147 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht ([1]), agus gur mian léi a bheith faoi cheangal ag an Rialachán sin,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I litir dar dáta an 14 Iúil 2022, thug Éire fógra foirmiúil, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótacal Uimh. 21, gur mian léi glacadh le Rialachán (AE) 2022/585 agus a bheith faoi cheangal aige.

(2) Ní bhaineann aon choinníoll le rannpháirtíocht na hÉireann i Rialachán (AE) 2022/585.

(3) Chun a áirithiú go gcuirfear Rialachán (AE) 2022/585 i bhfeidhm a luaithe is féidir agus chun a áirithiú gur féidir le hÉirinn leas iomlán a bhaint as an tsolúbthacht dá bhforáiltear ann, is iomchuí a fhoráil go bhfuil feidhm ag rogha na hÉireann a bheith páirteach sa Rialachán ón dáta a tugadh fógra foirmiúil gur mian léi glacadh le Rialachán (AE) 2022/585 agus a bheith faoi cheangal aige.

(4) Dá bhrí sin ba cheart don Choimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 331(1) den Chonradh, rannpháirtíocht na hÉireann i Rialachán (AE) 2022/585 a dheimhniú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Tá rannpháirtíocht na hÉireann i Rialachán (AE) 2022/585 deimhnithe.

2. Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2022/585 maidir le hÉirinn ón 14 Iúil 2022.

([1]) IO L 112, 11.4.2022, lch. 1.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Deireadh Fómhair 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN